Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10873 - SANLAM / ALLIANZ / SANLAM ALLIANZ AFRICA JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 381/06)

1. An 27 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Sanlam Limited ("Sanlam", an Afraic Theas),

— Allianz SE ("Allianz", An Ghearmáin),

— Sanlam Allianz Africa Proprietary Limited ("Sanlam Allianz Africa", an Afraic Theas), comhfhiontar nuachruthaithe.

Gheobhaidh Sanlam agus Allianz comhrialú ar Sanlam Allianz Africa de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa idirnáisiúnta seirbhísí airgeadais é Sanlam ina bhfuil roinnt árachóirí, soláthraithe seirbhísí airgeadais agus institiúidí airgeadais eile.

— Is grúpa domhanda comhtháite seirbhísí airgeadais é Allianz atá ag feidhmiú i dtáirgí árachais saoil agus neamhshaoil agus bainistíochta sócmhainní.

3. Feidhmeoidh Sanlam Allianz Africa mar chomhfhiontar árachais saoil agus ginearálta uile-Afracach idir Sanlam agus Allianz. Soláthróidh Sanlam eintitis trína ndéanann sé a chuid gnóthaí árachais agus bainistíochta sócmhainní in Angóla, i mBeinin, sa Bhotsuáin, i mBuircíne Fasó, i gCamarún, sa Chongó, sa Ghabúin, i nGána, sa Ghuine, sa Chósta Eabhair, sa Chéinia, in Madagascar, sa Mhaláiv, i Mailí, ar Oileán Mhuirís, i Maracó, i Mósaimbíc, sa Namaib, sa Nígir, sa Nigéir, i Ruanda, sa tSeineagáil, san Afraic Theas, sa Tansáin, i dTóga, in Uganda agus sa tSaimbia. Soláthróidh Allianz eintitis trína ndéanann sé gnó árachais sa Bhurúin, i gCamarún, san Éigipt, i nGána, sa Chósta Eabhair, sa Chéinia, in Madagascar, i Maracó, sa Nigéir, sa tSeineagáil, sa Tansáin agus in Uganda.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10873 - SANLAM / ALLIANZ / SANLAM ALLIANZ AFRICA JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË